

SGÉUL RÍ 'N ÉIRINN

Rí 'n Éirinn a bhí ann agus bhí triúr mac aige agus craipleadh suas le tinneas é, ní raibh sé i ndon cois ná láimh a chorradh tháinig bean feasa isteach ansoin lá aige agus thairig sé an oiread seo dhi as ucht é a leigheas.

"Níl mise i ndon tú leigheas" adeir sí "níl rud a' bith i ndon thusa a leigheas go bhfág tú trí bhuidéal ioeshlainnte. "Cá fhios dhom cé bhfaigh mé iad" adeir sé. "Duine a' bith dhe do clann mhac a ghabhfhas don Fhrainnc" adeir sí "Tá siad ina léithide seo dhe chnoc agus tá bannrioghan ann agus an oiread seo saighdiur 'ga bhfaire agus má thugann sé buidéal leis agus má tá sé i ndon an tuisge thabhairt leis beidh sé aige." "Gabhfhaidh mise ann" adeir an mac is sine. "Bhuail sé leis go ndeachaidh sé ghon Fhrainnc.

Nuair a chuaid sé dhon Fhrainnc chuaidh sé agus cheannuigh an capall is fearr a fuair sé. Bhí sé ag imteacht leis ar feadh trí nú ceatair dhe laetheanta agus a tóigeál lóistín go bhfuair sé amach an cnoc seo a d'innis an chailleach dhraoidheachta dhó. Nuair a bhí sé ag tarringt ar a gcnoc casadh fear beag dhó agus d'fhiarruigh sé dhó cá raibh sé a dul. Dubhairt sé leis go mba chuma dhó cá raibh sé dul bhí sé idir dhá chnoc an uair seo agus nuair a thug sé an ais-fhreagra air an bhfear beag dhúin sé isteach an dá chnoc air.

Ní raibh sé a teacht ag a Rí ansoin go raibh sé suas le bliadhain, dubhairt an dara mac go dtiocfadh sé fhéin ann. Ghléas sé suas é fhéin agus chuaidh sé an bealaigh. Nuair a tháinig sé dhon Fhrainnc cheannuigh sé capall mar cheannuigh an fear eile. Bhí sé ag siubhal leis go dtáinig sé go dtí an áit a raibh an fear beag. Dfhiarruigh an feab beag dhe cá raibh sé a dhul "nach tú tá fiarruigheadh" adeir sé "nach cuma dhuit cá bhfuil mé a dul." Dhúin an fear beag isteach an cnoc air. Ní raibh aon chainnt ansoin go ceann bliadhna dubhairt an triomadh mac go raibh sé an am aige a dhul ar thoruigheacht a bheirt dréathair agus an ioc shlainnte. Ní raibh aon fhonn ar a Rí é a leigeann uaidh. Choinnigh sé seachtmhainn é go raibh sé a dhul thríd an oiread pian agus gur leig se uaidh. Chuaidh sé don Fhrainnc gur cheannuigh sé capall. Bhí sé ag imteacht leis a tóigéal am go dtáinig sé go dtí an áit seo a raibh sé le dhul go dtí an cnoc a raibh an tobar ar a chúla. Bhí sé ag siubhal leis gur casadh an fear beag, "cá bhfuil tú a dul" adeir sé "Tá mé ag dhul ar chúl a leithide seo dhe chnoc an áit a bhfuil fathach agus an áit a bhfuil tobar go bhfág mé iocshlainnte dho m'athair." "Níl tú i ndon dhul ann." Adeir an fear beag. "fan go fóil agus tabhrfhaidh mise deis dhuit le dhul ann." Thug sé slaitín dhraoidheachta dhó agus dhá bhuilín. "Nuair a ghabhfás tú go dtí an áit a bhfuil an fathach sin tá siad uilig ina gcoladh ach dhá león agus nuair a thiubhrfas tú na dá bhuilín dho na leóin sé uns a bheidh siad go do liachán. Buail an slat ar an bhfathach agus dean liagán trom cloiche dhó. Tabhair leat an fáinne atá ar mhéir an fhathaigh. Tá bean ceangluithe ar chathaoir aige san áit a bhfuil an tobar amuigh sa ngáirdín.

Bean í a thug sé leis agus chuir sí faoi gheasa é gan bainnt ná páirt a bheith aige dhi go ceann seacht mbliadhana. Tá sí ceangluigte i bhfiadnais an tobar aige le spídeamhalacht.

Nuair a thiubhrfaidh tú di an fáinne inniseóchaidh sí chuile rud dhuit. Tá an cnoc chomh hárd san áit a mbeidh tú a dul agus níl ann ach ait an chapall ar éigin. Ná bíodh faitchios a b'íth ort nú má bhíonn agus má cuirtear an capall as a háit ní shábháladh a bhfaca tú ariamh thú. "D'ímtigh leis agus threáruigh sé an capall go dtáinig sé go dtí an ait a raibh an fathach. Deirigh an dá león aige agus chaith sé an dá bhuilín acab. Nuair a bhí na builíní ithte acab sé nus a raibh sé 'ga liachéan nú nar fhag siad blas dhe nar lith siad.

Chuaidh sé go dtí an fathach agus bhain sé an fáinne dhe agus bhvail sé dhen tslat é. Thug sé an fáinne ag a mbean agus sé an áit a raibh sí istigh i dteach ceangluighthe ar chathaoir i bhfiadhnaise an tobair. Nuair a thug sé an fáine dhi "go raibh maith agat" adeir sí. "Is maith an fear thú a bheith i ndon a theacht anseo. D'innis sí ansoin dhó go mba ingean Rí a bhí innti fhéin agus go dtug an fathach leis í go ndeanfhadh sé bean di. Gur chuir sí faoi gheasa é go ceann seacht mbliana é feuchaint a dtiocfadh gasgidheach a ' bith a thiubhrfadh leis í. "Ná déan móran moille tusa anseo anois" adeir sí. "Mar a mbeidh tú amuigh as seo roimhe an dhó dheag dúnfaidh an geata ort agus ní bheidh tú i ndon a dhul amach go brách as.

Tiocfaidh go mise go dtí thú go hÉirinn faoi cheann bliana agus pósfaidh mé thú agus biodh chuile shórt réidh agat." Dfan sé an fhad an aonfeacht léithi agus nuair a bhí sé a dhul amach an geata gur beag nar mharbuigh an geata é dhúin sé chomh sgiobtha sin amach ina dhiadh. Shiubhail leis ansoin ar a chapall go dtáinig sé go dtí an fear beag. Tá siad a'd" adeir a fear beag. "Tá" adeir sé "ach d'ímtigh beirt dhreáthar liom cheanna" adeir sé agus ní fhaca mé i mbealach ná dtráig iad." "Chonnaic mé iad" adeir a fear beag "agus bhí siad an mhí chúntasach." Ach ar mhaith leat iad a bheith agat" "ba mhaith" adeir sé "sin rud nar mhaith léothab san mise a bheith an aonfeacht leatsa ach tiubhrfaidh mise dhuit iad."

D'oscail sé an cnoc agus sgaoil sé amach iad féin agus a gcuid capaill. D'ímtigh an triúr leóthab an sin, go dtáinig siad san áit a raibh acab a dhul sa soitheach agus dhíol siad na capaill. Nuair a tháinig siad amach as a soitheach ansoin in Éirinn bhí siad a siubhal leóthab abhaile agus bhí an bheirt ba sine a leath taobh agus bhí agus bhí siad a deanamh giliúr le chéila go mba cheart dhóib an tuisge a ghoid uaidh agus é thabhairt leóthab agus sáile a chur ina áit. Bhí siad ar siubhal nú go ndearnaidh siad é.

Nuair a tháinig siad abhaile ansoin agus cuimlighadh an tuisge a bhí ag a mac ba oige dhe'n athair is beag nar mharbhuigh sé é. Dubhairt an bheirt eile ansoin gur acab fhéin a bhí an tuisge ceart agus cuimliughadh é sin dho agus deamhan blas a dfan air. Dubhairt an Rí ansoin gur ag iarraidh é chur an báis a bhí an mac óg agus dubhairt sé le searbhántaí a bhí aige é thabhairt leóthab i gcoill agus nuair bheadh sé acab sa gcoill é chaitheadh. Thug siad leóthab ansoin é sa gcoill agus nuair a bhí siad sa gcoill dinnis siad dho gur le na chaitheamh a thugadar ann é ach dubhairt siad leis nach gcaithfheadh siad é ach gan é fhéin a spáinnt aríst go dteo. Dubhairt seisean nach spáinnfheadh. Bhí sé a siubhal leis agus sean chulaithéudaigh air (mar d'arthuigh sé éudach le duine dhe na searbhántaí) gur casadh feairín beag air "Cáil tú dhul" adeir an fearrín "níl fhios agam" adeir sé. "Tá fhios agamsa é "adeir an feairín beag. Is dona an rud a rinne tú nuair a thug tú leat an bheirt dreathar ó'n bhfear beag." Thug sé leis é go dtug sé isteach i dteach é agus bhí chuile rud dhár theasthuigh uaidh istigh sa teach. "Bhoil" adeir a feairín leis "an bhean sin a bhí san ait ar

thug tú an tuisge tá sí teacht go t'iarraidh a máireach agus tiocfhaidh sí amuigh ar aghaidh na cúirte agus deanfhaidh sí bóthar isteach go dtí an chúirt.

Beidh capall bán aici agus nuair a diarrfhas sí an fear a thug leis an tiocslainnte agus gabhfhais na dreátharacha eile ag marcúigheacht ar a gcapall cuirfhid an capall an aer iad agus cuirfhidh sí go dtí na mbásta sa talamh iad. Níl aon dhuine i ndon í mharcúigheach ach thusa. Caithfidh tú dhul ann" adeir sé. Dféidir go mbarbhóchaidh siad mé" adeir sé. "Ó ní mharbhóchaidh." Ar maidin lá'r na mháireach an lae seo tháinig an aithmhéala ar an Rí faoi an mac a mharbhadh agus dubhairt sé go gcaitheadh sé fhéin an fear a chaith an mac. Tugadh an fear ina lathair. "Níor chaith mise a' bith é" adeir an fear. "Céurd a rinne tú leis mar sin" adeir a Rí. "D'fhág mé sa gcoill é" adeir sé. "Béidir go bhfuil sé ann fós" adeir a Rí. "Bain as agus feach a bhfaighfheá é."

Bhuail leis a bhfear agus nuair a bhí sé a dul isteach sa gcoill bhí mac a Rí ag teacht amach. Tháinig siad ag a gcúirt agus ní blas a bith ach go raibh siad ann nuair a tháinig an bhannrioghan seo agus a campa amuigh ar aghaidh na cúirte. Rinne sí bothar isteach go dtí an chúirt agus chuaidh sí fhéin agus an capall bán isteach. Chaith sí urchar agud d'iarr sí an fear a thug leis an iochshlainte a chur amach aici. Chuaidh an mac ba shine amach agus dubhairt sí leis a dhul a marcúigheadh ar a gcapall. Ní raibh sé leath beallaigh amach an bóthar nuair a chuir an capall an aer é agus nuair a bhí sé tuithim bhuail sí dhá drioball é agus bhain sí an tsúil as. Cuireadh go dtí na bhásta sa talamh é.

Chuaidh an dara mac amach agus deanamh an rud ceudanna leis. Bhí an Rí ag deanamh cnapaí an uair seo. Chuaidh an mac óg amach agus nuair a chonnaic sí ag teacht é d'aithnigh sí go maith é agus rug sí ar dhá láimh air. "Cá raibh tú" adeir sí. "Ní fhaca mise an chúirt seo ó chonaic mé tusa cheana" adeir sé "go dtí indiu. Chuir an bheirt eile an tuisge i bhfolach orm agus chuir siad sáile ina áit. "Sin rud nach ndeanfhaidh siad fhéin aríst go deó" adeir sí. Chuaidh sí isteach sa gcúirt agus chuir sí beilt ar bhean an rí. "Cé leis an mac is sine" adeir sí "leis a Rí" adeir an bhean. "Fáisc a bheilt" adeir sí. Thosuigh an bheilt a fáisceadh. "Ó leis an gcóisteóir é" adeir sí. "Cé leis an dara mac" leis a Rí " adeir an bhean. "Fáisc a bheilt" adeir sí. Thosuigh an bheilt ag fáisceadh. "Ó leis an ngarradóir é" adeir sí. "Cé leis an triomhadh mac" "leis an Rí fhéin é sin" adeir an bhean. "Fáisc a bheilt" adeir sí. Sé an chaoi ar thuit an bheilt anuas ar a talamh "Ó is furas aithint ar fhéin gur leis" adeir sí.

D'ímtigh an bheirt leóthab go dtáinig siad go dtí áit an fhathaigh. Bhí na cnuic ar fad tuitighe annuas agus ní raibh aon áit bhreagh faoi'n domhan mar bhí ann. D'fhan siad ansoin i mbun a chéile aríst go deó. Ní faca siad fhéin na an Rí aon amharc ar a chéile go brach.